18 AN CHAILLEACH SA CHÓRHA

Bhí anseo fadó beirt deartháir. Bhí duine acu saibhir agus bhí an duine eile acu bocht. Bhí an deartháir bocht ag obair don deartháir saibhir chun go bhféadfadh sé bia a sholáthar dá chlann.

Lá amháin ar an mbóthar dó fuair sé airgead ó stróinséar chun go mbeadh greim le n-ithe ag a bhean agus a pháistí. Chuaigh an sé abhaile agus an stróinséar in éineacht leis. Chomhairligh an stróinséar dó caoire a dheartháir a mharú.

Bhí an deartháir saibhir in amhras faoi céard a bhí ar siúl agus chun súil a choimeád ar a dheartháir cuireann sé a mháthair i bhfolach sa chófra agus fágann sé é i dteach a dheartháir.

D'aimsigh an stróinséar an chailleach sa chófra. Mharaigh sé í le cnámh feola. Nuair a bhí an deartháir saibhir ag lorg cúntas óna mháthair tháinig ionadh air go raibh sí marbh sa chófra de dheasca bia mar a cheap sé. Bhí air tórramh a chur uirthi.

Níor shocraigh an chailleach san uaigh. D'fhill sí arís agus arís eile go dtí éastát a mac saibhir á chur in iúl dó nach raibh a dhóthain le n-ithe aici. Uair amháin bhí sí thuas ar dréimire ag deisiú an díon le scolb. Uair eile d'aimsigh sé a mháthair ag bualadh coirce sa scioból. Uair eile fós bhí sí ag marcaíocht timpeall ar dhroim chapaill.

Faoi dheireadh chuaigh sé ina luí air go mbeadh sé faoi gheasa ag an chailleach as sin amach muna roinnfeadh sé a chuid shaibhris lena dheartháir bocht.

Rinne sé chomhaontú lena dheartháir a shaibhreas a roinnt leis. Níor fhill an chailleach air arís chun trioblóid a dhéanamh dó. D'airíodh de réir a chéile go mba fear a tháinig ón saol eile é an stróinséar chun chabhrú leis an deartháir bocht.

Téamaí:

An sainnt mar bhun do gach olc i measc deartháireacha

Corpáin míshocair agus cúrsaí osnádúrtha

Láimh Dé ar son an bhochtanais

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council